**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2021/0191(COD)**

18.2.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bannaí Glasa Eorpacha
(COM(2021)0391 – C9-0311/2021 – 2021/0191(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Bas Eickhout

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Tá an togra le haghaidh Rialachán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha mar chuid den chlár oibre níos leithne maidir le maoiniú inbhuanaithe. De réir an Choimisiúin, meastar go dteastóidh EUR 350 billiún in infheistíocht bhreise in aghaidh na bliana ó AE sna deich mbliana atá romhainn chun a sprioc le haghaidh 2030 maidir le laghdú astaíochtaí a bhaint amach i gcás córais fuinnimh astu féin, de bhreis ar EUR 130 billiún eile a bheidh ag teastáil le haghaidh spriocanna comhshaoil eile. Trí chaighdeán bannaí glasa Eorpach a chruthú, tá an Coimisiún ag iarraidh an margadh a fhorbairt le haghaidh bannaí glasa ardcháilíochta agus, ar an gcaoi sin, tiomsú caipitil a éascú do thionscadail lena saothraítear cuspóirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Cuireann an Rialachán atá beartaithe ceangal ar eisitheoirí bannaí glasa Eorpacha fáltais bannaí a úsáid i gcomhréir le tacsanomaíocht AE le haghaidh infheistíochtaí inbhuanaithe. Thairis sin, cuirtear ceangal ar eisitheoirí faisnéis a sholáthar agus tuairisc a thabhairt ar úsáid fáltas agus ar a dtionchar. Seiceálfaidh athbhreithneoirí seachtracha faoi mhaoirseacht an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) an bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh. Cé go bhfuil an rapóirtéir ag dréim leis go méadóidh an togra ón gCoimisiún cáilíocht agus inchreidteacht na mbannaí glasa agus úsáid á baint as an gcaighdeán Eorpach maidir le bannaí glasa, ní dhéanann sé difear don chuid eile de mhargadh bannaí glasa neamhrialaithe na n-eisitheoirí a úsáideann prionsabail agus caighdeáin neamhcheangailteacha maidir le bannaí glasa príobháideacha, ná do bhannaí bunúsacha simplí eile nach bhfuil aon mhaíomh inbhuanaitheachta ag gabháil leo.

Tá imní ar an rapóirtéir nach bhfuil réiteach fós ar an bhfadhb thosaigh, is é sin nach féidir bannaí glasa a chur i gcomparáid le caighdeán nua, atá go hiomlán deonach, taobh leis na bannaí glasa atá ann cheana. Ina theannta sin, eisitheoirí a cheapfadh, b'fhéidir, go bhfuil na ceanglais a bhaineann le caighdeán AE maidir le bannaí glasa ródhian nó go gcuireann siad ualach rómhór orthu, d'fhéadfadh na heisitheoirí sin cinneadh a dhéanamh bannaí glasa a eisiúint faoi chaighdeáin nach bhfuil chomh hinchreidte céanna, ach ní thabharfaí aghaidh dá réir sin ar na hábhair imní atá ann go forleathan go bhfuiltear i mbun 'snas glas'. Is ar an gcúis sin a bhfuil sé beartaithe, ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin, ceangal a chur ar eisitheoirí bannaí glasa arna n-eisiúint gan an ainmníocht 'Banna Glas Eorpach', tuairisc a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an úsáid a bhaintear as fáltais i gcomhréir leis an Tacsanomaíocht, urraim a thabhairt don chritéar 'gan dochar suntasach a dhéanamh' atá mar chuid de thacsanomaíocht AE agus athbhreithneoir seachtrach a úsáid chun an fhaisnéis réamheisiúna agus iar-eisiúna a fhíorú. Tar éis tréimhse trí bliana, molann an rapóirtéir gur cheart do gach eisitheoir bannaí glasa ar mhargadh AE a bheith ag comhlíonadh cheanglais na gcaighdeán Eorpach maidir le bannaí glasa ina n-iomláine, lena n-áirítear a bheith i gcomhréir iomlán ó thaobh na Tacsanomaíochta de.

Ar an tríú dul síos, measann an rapóirtéir nach dtugtar aghaidh mar is cóir sa togra ar straitéis chomhshaoil níos leithne eisitheoirí na mbannaí glasa. Cuideachtaí ar mian leo tairbhe clú agus/nó airgeadais a bhaint as bheith ag eisiúint bannaí glasa, ba cheart dóibh straitéisí inchreidte comhshaoil agus trédhearcacht fheabhsaithe a úsáid mar thaca le heisiúint na mbannaí glasa sin. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir go mbeadh ceanglais níos sonraí ann mar chuid den straitéis chomhshaoil agus den réasúnaíocht sa bhileog eolais maidir le bannaí glasa Eorpacha. Ba cheart do na heisitheoirí gnéithe sonracha dá straitéis chomhshaoil a nochtadh

mar aon le conas agus a mhéid a chuireann an banna glas Eorpach le comhréireacht Tacsanomaíochta an eisitheora.

Ar deireadh, ba cheart an rath a bheidh ar an Rialachán seo a thomhas de réir a thionchair ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, molann an rapóirtéir go gcuirfí le minicíocht na dtuarascálacha tionchair ó na heisitheoirí agus molann sé go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú ar thionchar an Rialacháin seo ar aistriú an fhíorgheilleagair i dtreo na gcuspóirí comhshaoil tar éis cúig bliana.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá an t-aistriú chuig geilleagar ***ísealcharbóin atá níos*** inbhuanaithe, éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, ciorclach agus cothrom lárnach chun iomaíochas fadtéarmach gheilleagar an Aontais agus folláine a phobal a áirithiú. In 2016, thug an tAontas Comhaontú Pháras i gcrích[31]. Le hAirteagal 2(1), pointe (c), de Chomhaontú Pháras leagtar amach na cuspóirí a bhaineann leis an bhfreagra ar an athrú aeráide a neartú, i measc modhanna eile, trína áirithiú go bhfuil sreafaí airgeadais comhsheasmhach le conair i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de. | (1) Tá an t-aistriú chuig geilleagar ***atá aeráidneodrach*** inbhuanaithe, éifeachtúil ó thaobh ***fuinnimh agus*** acmhainní de, ciorclach agus cothrom lárnach chun iomaíochas fadtéarmach gheilleagar an Aontais agus folláine a phobal a áirithiú. In 2016, thug an tAontas Comhaontú Pháras i gcrích[31]. Le hAirteagal 2(1), pointe (c), de Chomhaontú Pháras leagtar amach na cuspóirí a bhaineann leis an bhfreagra ar an athrú aeráide a neartú, i measc modhanna eile, trína áirithiú go bhfuil sreafaí airgeadais comhsheasmhach le conair i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de. |
| ___________________ | ___________________ |
| [31] Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na | [31] Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na |

Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Le Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip an 14 Eanáir 2020[32] beartaítear bunú caighdeáin maidir le bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun deiseanna infheistíochta a mhéadú a thuilleadh agus sainaithint infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a éascú trí lipéad soiléir. Ina conclúidí i mí na Nollag 2020, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún togra reachtach a chur ar aghaidh maidir le caighdeán bannaí glasa[33]. | (2) ***I rún uaithi an 29 Bealtaine 2018 maidir le maoiniú inbhuanaithe[31a], tharraing Parlaimint na hEorpa aird ar rialáil neamhleor mhargadh na mbannaí glasa agus d'iarr sí go mbeadh tionscnamh reachtach ann chun caighdeán aontaithe a chruthú le haghaidh bannaí glasa a eisiúint, rud a chuirfeadh le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31b].*** Le Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip an 14 Eanáir 2020[32] beartaítear bunú caighdeáin maidir le bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun deiseanna infheistíochta a mhéadú a thuilleadh agus sainaithint infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a éascú trí lipéad soiléir. Ina conclúidí i mí na Nollag 2020, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún togra reachtach a chur ar aghaidh maidir le caighdeán bannaí glasa[33]. |

***[31A] IO C 76, 9.3.2020, lch. 23.***

***[31b] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).***

[32] COM(2020)21 críochnaitheach:

[33] EUCO 22/20.

[32] COM(2020) 21 final.

[33] EUCO 22/20.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tá bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar cheann de na príomhionstraimí chun infheistíochtaí a mhaoiniú a bhaineann le teicneolaíochtaí ***ísealcharbóin***, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní chomh maith le bonneagar iompair agus bonneagar taighde ***inbhuanaithe***. ***Féadfaidh gnóthais nó stáit cheannasacha idir cinn airgeadais agus neamhairgeadais na bannaí sin a eisiúint. Le tionscnaimh éagsúla atá ann cheana le haghaidh bannaí atá*** inbhuanaithe ***ó thaobh an chomhshaoil de, ní áirithítear sainmhínithe coiteanna ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Cuirtear cosc leis sin ar infheisteoirí*** bannaí ***a shainaithint go héasca a bhfuil a bhfáltais ailínithe nó ina rannchuidiú le cuspóirí comhshaoil mar a leagtar síos i gComhaontú Pháras.*** | (3) ***Tá infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí araon ríthábhachtach chun an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach.*** Tá bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar cheann de na príomhionstraimí chun infheistíochtaí a mhaoiniú a bhaineann le teicneolaíochtaí ***a bhfuil gá leo le haghaidh dhícharbónú na sochaí***, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní chomh maith le bonneagar iompair agus bonneagar taighde ***astaíochtaí nialasacha***. ***Mar sin féin, níor cheart gur ar na*** bannaí ***sin amháin a thitfeadh an t-ualach rialála a bhaineann le sreafaí caipitil phríobháidigh a dhíriú i dtreo infheistíochtaí*** inbhuanaithe***, ach, ina ionad sin, ba cheart go dtitfeadh sé ar gach ionstraim fiachais.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Féadfaidh stáit cheannasacha nó gnóthais airgeadais nó neamhairgeadais bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a eisiúint. Leis na tionscnaimh éagsúla atá ann cheana le haghaidh bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ní áirithítear sainmhínithe coiteanna ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Cuirtear cosc leis sin ar infheisteoirí comparáid a dhéanamh go héasca idir*** |

| | |
|---|---|
| | ***inbhuanaitheacht comhshaoil bannaí éagsúla agus bannaí a shainaithint go héasca a bhfuil a bhfáltais ailínithe nó ina rannchuidiú leis na cuspóirí comhshaoil mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 agus i gComhaontú Pháras iad.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Le rialacha éagsúla maidir le nochtadh faisnéise, maidir le trédhearcacht agus cuntasacht athbhreithneoirí seachtracha a dhéanann athbhreithniúchán ar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus maidir le critéir incháilitheachta le haghaidh tionscadail incháilithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ***cuirtear*** bac ar chumas infheisteoirí bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainaithint, iontaoibh a chur iontu, agus iad a chur i gcomparáid, agus cumas eisitheoirí úsáid a bhaint as bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***a ngníomhaíochtaí a aistriú*** i dtreo samhlacha gnó atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. | (4) Le rialacha éagsúla maidir le nochtadh faisnéise, maidir le trédhearcacht agus cuntasacht athbhreithneoirí seachtracha a dhéanann athbhreithniúchán ar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus maidir le critéir incháilitheachta le haghaidh tionscadail incháilithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ***cuireadh*** bac ar chumas infheisteoirí bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainaithint, iontaoibh a chur iontu, agus iad a chur i gcomparáid ***go hoibiachtúil***, agus cumas eisitheoirí úsáid a bhaint as bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***chun a n-aistriú*** i dtreo samhlacha gnó atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***a chistiú***. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Agus ailíniú le cuspóirí chomhaontú Pháras á áirithiú, agus i bhfianaise na n-éagsúlachtaí atá ann cheana agus in éagmais rialacha coiteanna, is dóigh go nglacfaidh na Ballstáit bearta agus cuir chuige éagsúla, ag a mbeidh | (5) Agus ailíniú le cuspóirí chomhaontú Pháras ***agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe*** á áirithiú, ***ionas go n-áiritheofar go mbeidh na cleachtais ghnó comhoiriúnach leis an aistriú chuig*** |

| | |
|---|---|
| tionchar diúltach díreach ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, agus lena gcruthófar bacainní air, agus lena ndéanfar díobháil d'eisitheoirí bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Le forbairt chomhthreomhar cleachtas margaidh bunaithe ar thosaíochtaí atá dírithe ar thráchtáil lena dtáirgtear torthaí éagsúla, cruthaítear ilroinnt an mhargaidh agus tá an baol ann go ngéarófaí neamhéifeachtúlachtaí a thuilleadh i bhfeidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Fágann caighdeáin agus cleachtais mhargaidh éagsúla gur deacair bannaí éagsúla a chruthú, cruthaítear dálaí éagothroma leo d'eisitheoirí, cruthaítear bacainní breise laistigh den mhargadh inmheánach, agus tá an baol ann go saobhfaí cinntí infheistíochta leo. | ***geilleagar inbhuanaithe agus go gcuirfear teorainn 1,5° C leis an téamh domhanda,*** agus i bhfianaise na n-éagsúlachtaí atá ann cheana agus in éagmais rialacha coiteanna, is dóigh go nglacfaidh na Ballstáit bearta agus cuir chuige éagsúla, ag a mbeidh tionchar diúltach díreach ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, agus lena gcruthófar bacainní air, agus lena ndéanfar díobháil d'eisitheoirí bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Le forbairt chomhthreomhar cleachtas margaidh bunaithe ar thosaíochtaí atá dírithe ar thráchtáil lena dtáirgtear torthaí éagsúla, cruthaítear ilroinnt an mhargaidh agus tá an baol ann go ngéarófaí neamhéifeachtúlachtaí a thuilleadh i bhfeidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Fágann caighdeáin agus cleachtais mhargaidh éagsúla gur deacair bannaí éagsúla a chruthú, cruthaítear dálaí éagothroma leo d'eisitheoirí, cruthaítear bacainní breise laistigh den mhargadh inmheánach, agus tá an baol ann go saobhfaí cinntí infheistíochta leo ***agus go gcuirfí snas glas orthu***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) In éagmais rialacha comhchuibhithe maidir leis na nósanna imeachta a úsáideann athbhreithneoirí seachtracha chun athbhreithniúchán a dhéanamh ar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus de dheasca na sainmhínithe éagsúla ar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, fágann sin go bhfuil deacracht mhéadaitheach ag infheisteoirí bannaí a chur i gcomparáid go héifeachtach ar fud an mhargaidh inmheánaigh i leith a gcuspóirí comhshaoil. Tá an margadh le haghaidh bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh | (6) In éagmais rialacha comhchuibhithe maidir leis na nósanna imeachta a úsáideann athbhreithneoirí seachtracha chun athbhreithniúchán a dhéanamh ar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus de dheasca na sainmhínithe éagsúla ar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, fágann sin go bhfuil deacracht mhéadaitheach ag infheisteoirí bannaí a chur i gcomparáid go héifeachtach ar fud an mhargaidh inmheánaigh i leith a gcuspóirí comhshaoil ***agus a dtionchair ar an gcomhshaol***. Tá an margadh le |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| an chomhshaoil de idirnáisiúnta as féin, agus baineann rannpháirtithe an mhargaidh a thrádálann bannaí úsáid as seirbhísí athbhreithniúcháin sheachtraigh ó sholáthraithe tríú páirtí thar theorainneacha. Le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais d'fhéadfaí laghdú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus seirbhísí athbhreithniúcháin sheachtaigh a bhaineann le bannaí, agus d'fhéadfaí cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] a áirithiú sa mhargadh le haghaidh na mbannaí sin. | haghaidh bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de idirnáisiúnta as féin, agus baineann rannpháirtithe an mhargaidh a thrádálann bannaí úsáid as seirbhísí athbhreithniúcháin sheachtraigh ó sholáthraithe tríú páirtí thar theorainneacha***, lena n-áirítear iad siúd ó thríú tíortha***. Le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais d'fhéadfaí laghdú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh ***agus an mhargaidh dhomhanda*** le haghaidh bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus seirbhísí athbhreithniúcháin sheachtraigh a bhaineann le bannaí, agus d'fhéadfaí cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] a áirithiú sa mhargadh le haghaidh na mbannaí sin. |
| [34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13). | [34] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13). |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Dá bhrí sin, ba cheart tacar ***aonfhoirmeach*** ceanglas ***sonrach*** a leagan síos le haghaidh bannaí atá eisithe ag gnóthais nó stáit cheannasacha idir chinn airgeadais agus chinn neamhairgeadais ***ar mian leo go deonach úsáid a bhain as an ainmníocht 'banna glas Eorpach' nó 'BG-AE' le haghaidh na mbannaí sin***. Le ceanglais cháilíochta maidir ***le*** bannaí ***glasa Eorpacha*** a shonrú i bhfoirm Rialacháin ba cheart a áirithiú gurb ann do | (7) Dá bhrí sin, ba cheart tacar ceanglas ***comhchuibhithe*** a leagan síos le haghaidh bannaí atá eisithe ag stáit cheannasacha nó gnóthais airgeadais nó neamhairgeadais ***a mhargaítear mar inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear iad siúd a mhargaítear mar 'bhannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais'***. Le ceanglais cháilíochta maidir ***leis na*** bannaí ***sin*** a shonrú i bhfoirm Rialacháin ba cheart a áirithiú gurb ann do |

choinníollacha aonfhoirmeacha chun na bannaí sin a eisiúint trí chosc a chur le ceanglais náisiúnta éagsúla a d’fhéadfadh teacht as trasuí Treorach, agus ba cheart a áirithiú freisin go bhfuil na coinníollacha sin infheidhme go díreach maidir le heisitheoirí na mbannaí sin. Ba cheart d’eisitheoirí a úsáideann an ainmníocht ‘banna ***glas Eorpach***’ ***nó ‘BG-AE’ go deonach*** na rialacha céanna a leanúint ar fud an Aontais, chun éifeachtúlacht an mhargaidh a mhéadú trí neamhréireachtaí a laghdú agus na costais a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar na bannaí sin le haghaidh infheisteoirí a laghdú tríd sin freisin.

choinníollacha aonfhoirmeacha chun na bannaí sin a eisiúint trí chosc a chur le ceanglais náisiúnta éagsúla a d’fhéadfadh teacht as trasuí Treorach, agus ba cheart a áirithiú freisin go bhfuil na coinníollacha sin infheidhme go díreach maidir le heisitheoirí na mbannaí sin. Ba cheart d’eisitheoirí a úsáideann an ainmníocht ‘banna ***deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais’*** na rialacha céanna a leanúint ar fud an Aontais, chun éifeachtúlacht an mhargaidh a mhéadú trí neamhréireachtaí a laghdú agus na costais a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar na bannaí sin le haghaidh infheisteoirí a laghdú tríd sin freisin. ***Chun margadh de chuid an Aontais le haghaidh bannaí glasa a bhaint amach a bheidh comhsheasmhach leis na ceanglais maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852 (‘ceanglais tacsanomaíochta’) agus chun go mbeadh an caighdeán maidir le bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais ar an gcaighdeán idirnáisiúnta is airde le haghaidh bannaí glasa sa deireadh, ba cheart go mbainfeadh an caighdeán maidir le bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais stádas amach de réir a chéile mar an scothchaighdeán maidir le bannaí glasa san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé éigeantach, le himeacht ama, do gach eisitheoir a mhargaíonn bannaí mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar mhargadh an Aontais úsáid a bhaint as an gcaighdeán maidir le bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais, faoi réir measúnú tionchair ón gCoimisiún.***

*(Tá feidhm ag an ainmníocht ‘banna deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais’ ar fud an téacs. Má ghlactar í, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha a dhéanamh ar fud an téacs).*

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2020/852, agus chun sainmhínithe coiteanna, mionsonraithe, cainníochtúla agus soiléire a sholáthar d'infheisteoirí, ba cheart na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán sin a úsáid chun a chinneadh cibé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Maidir le fáltais bannaí a úsáideann an ainmníocht 'banna ***glas Eorpach***' ***nó 'BG-AE'*** ba cheart iad a úsáid ***go heisiach*** chun cistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ***atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá ailínithe dá réir sin leis na cuspóirí comhshaoil*** a leagtar amach in Airteagal ***9*** de Rialachán (AE) 2020/852***, nó atá ina*** rannchuidiú le claochlú na ngníomhaíochtaí ***chun*** bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Is féidir na bannaí sin a úsáid, áfach, chun na gníomhaíochtaí sin atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a mhaoiniú go díreach trí mhaoiniú sócmhainní agus caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852, nó go hindíreach trí shócmhainní airgeadais lena maoinítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcomhlíontar na ceanglais sin. Dá bhrí sin, is gá sonrú a dhéanamh ar na catagóirí caiteachas agus sócmhainní is féidir a mhaoiniú leis na fáltais bannaí a bhaineann úsáid as an ainmníocht 'banna ***glas Eorpach***' ***nó 'BG-AE'.*** | (8) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2020/852, agus chun sainmhínithe coiteanna, mionsonraithe, cainníochtúla agus soiléire a sholáthar d'infheisteoirí, ba cheart na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán sin a úsáid chun a chinneadh cibé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Maidir le fáltais bannaí a úsáideann an ainmníocht 'banna ***deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais'***, ba cheart iad a úsáid chun cistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ***nua a chomhlíonann na ceanglais*** a leagtar amach in Airteagal ***3*** de Rialachán (AE) 2020/852 ***agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de dá réir sin, nó chun*** rannchuidiú le claochlú na ngníomhaíochtaí ***ionas gur féidir leo na ceanglais sin a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, gur féidir leo a*** bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Is féidir na bannaí sin a úsáid, áfach, chun na gníomhaíochtaí sin atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a mhaoiniú go díreach trí mhaoiniú sócmhainní agus caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852, nó go hindíreach trí shócmhainní airgeadais lena maoinítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcomhlíontar na ceanglais sin. Dá bhrí sin, is gá sonrú a dhéanamh ar na catagóirí caiteachas agus sócmhainní is féidir a mhaoiniú leis na fáltais bannaí a bhaineann úsáid as an ainmníocht 'banna ***deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais***'***.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart fáltais ***bannaí glasa Eorpacha*** a úsáid chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhaoiniú ag a bhfuil tionchar dearfach marthanach ar an gcomhshaol. Is féidir an tionchar dearfach marthanach sin a fháil ar bhealaí leithleacha. Ós rud é gur sócmhainní fadtéarmacha iad sócmhainní seasta, áirítear ar an gcéad bhealach úsáid a bhaint as na fáltais ó ***na bannaí glasa Eorpacha*** sin chun maoiniú a dhéanamh ar shócmhainní seasta inláimhsithe nó doláimhsithe nach sócmhainní airgeadais iad, ar choinníoll go mbaineann na sócmhainní seasta sin le gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcomhlíontar na ceanglais maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852 ('ceanglais maidir le tacsanomaíocht'). Ós rud é gur féidir sócmhainní airgeadais a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha le tionchar dearfach marthanach ar an gcomhshaol, tá úsáid na bhfáltas sin chun sócmhainní airgeadais a mhaoiniú ar an dara bealach, ar choinníoll go leithdháilfear na fáltais ó na sócmhainní airgeadais sin ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcomhlíontar na ceanglais maidir le tacsanomaíocht. Ós rud é gur féidir tionchar dearfach fadtéarmach a bheith ag sócmhainní teaghlach ar an gcomhshaol, ba cheart sócmhainní teaghlach a áireamh sna sócmhainní airgeadais sin freisin. Ós rud é gur féidir úsáid a bhaint as caiteachas caipitil agus caiteachas oibríochtúil roghnaithe chun sócmhainní seasta a fháil, a uasghrádú, nó a choinneáil ar bun, tá úsáid na bhfáltas ó na bannaí sin chun maoiniú a dhéanamh ar chaiteachais | (9) ***D'ainneoin mhargaí na mbannaí glasa a bhí ag feidhmiú cheana féin roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar cheart na dea-chleachtais ina leith a choimeád, a chothú agus a chaighdeánú sa deireadh laistigh den chaighdeán maidir le bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais dá bhforáiltear sa Rialachán seo,*** ba cheart na fáltais ***ó bhannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** a úsáid chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhaoiniú ag a bhfuil tionchar dearfach marthanach ar an gcomhshaol. Is féidir an tionchar dearfach marthanach sin a fháil ar bhealaí leithleacha. Ós rud é gur sócmhainní fadtéarmacha iad sócmhainní seasta, áirítear ar an gcéad bhealach úsáid a bhaint as na fáltais ó na bannaí ***deimhnithe*** sin ***de chuid an Chomhaontaithe Ghlais*** chun maoiniú a dhéanamh ar shócmhainní seasta inláimhsithe nó doláimhsithe nach sócmhainní airgeadais iad, ar choinníoll go mbaineann na sócmhainní seasta sin le gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcomhlíontar na ceanglais maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852 ('ceanglais maidir le tacsanomaíocht'). Ós rud é gur féidir sócmhainní airgeadais a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha le tionchar dearfach marthanach ar an gcomhshaol, tá úsáid na bhfáltas sin chun sócmhainní airgeadais a mhaoiniú ar an dara bealach, ar choinníoll go leithdháilfear na fáltais ó na sócmhainní airgeadais sin ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcomhlíontar na ceanglais maidir le tacsanomaíocht. Ós rud é gur féidir tionchar dearfach fadtéarmach |

| | |
|---|---|
| chaipitil agus oibríochtúla ar an tríú bealach, ar caiteachais chaipitil agus oibríochtúla iad a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíoch lena gcomhlíontar na ceanglais maidir le tacsanomaíocht nó lena gcomhlíonfar na ceanglais sin laistigh de thréimhse réasúnach gairid ó eisiúint an bhanna lena mbaineann, tréimhse lenar féidir síneadh a chur, áfach, i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin le gnéithe sonracha na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na n-infheistíochtaí lena mbaineann. Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, ba cheart caiteachais teaghlach a áireamh freisin sna caiteachais chaipitil agus oibríochtúla. | a bheith ag sócmhainní teaghlach ar an gcomhshaol, ba cheart sócmhainní teaghlach a áireamh sna sócmhainní airgeadais sin freisin. Ós rud é gur féidir úsáid a bhaint as caiteachas caipitil agus caiteachas oibríochtúil roghnaithe chun sócmhainní seasta a fháil, a uasghrádú, nó a choinneáil ar bun, tá úsáid na bhfáltas ó na bannaí sin chun maoiniú a dhéanamh ar chaiteachais chaipitil agus oibríochtúla ar an tríú bealach, ar caiteachais chaipitil agus oibríochtúla iad a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíoch lena gcomhlíontar na ceanglais maidir le tacsanomaíocht nó lena gcomhlíonfar na ceanglais sin laistigh de thréimhse réasúnach gairid ó eisiúint an bhanna lena mbaineann, tréimhse ar féidir síneadh ***10 mbliana ar a mhéad*** a chur léi, áfach, i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin de bharr ghnéithe sonracha na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na n-infheistíochtaí lena mbaineann. Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, ba cheart caiteachais teaghlach a áireamh freisin sna caiteachais chaipitil agus oibríochtúla. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Is eisitheoirí rialta ***bannaí*** atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de iad stáit cheannasacha agus dá bhrí sin ba cheart a cheadú dóibh freisin 'bannaí ***glasa Eorpacha***' a eisiúint, ar choinníoll go n-úsáidtear fáltais na mbannaí sin chun maoiniú a dhéanamh ar shócmhainní nó caiteachas lena gcomhlíontar an tacsanomaíocht, nó sócmhainní nó caiteachas lena gcomhlíonfar na ceanglais sin laistigh de thréimhse réasúnach gairid ó eisiúint an bhanna lena mbaineann, tréimhse lenar féidir síneadh a chur, áfach, i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin le gnéithe | (10) Is eisitheoirí rialta bannaí ***a mhargaítear mar*** inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de iad stáit cheannasacha agus dá bhrí sin ba cheart a cheadú dóibh freisin 'bannaí ***deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais***' a eisiúint, ar choinníoll go n-úsáidtear fáltais na mbannaí sin chun maoiniú a dhéanamh ar shócmhainní nó caiteachas lena gcomhlíontar an tacsanomaíocht, nó sócmhainní nó caiteachas lena gcomhlíonfar na ceanglais sin laistigh de thréimhse réasúnta gairid ó eisiúint an bhanna lena mbaineann, tréimhse ar féidir |

| | |
|---|---|
| sonracha na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na n-infheistíochtaí lena mbaineann. | síneadh a chur léi, áfach, i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin de bharr ghnéithe sonracha na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na n-infheistíochtaí lena mbaineann ***mar atá leagtha síos ag an gCoimisiún***. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Ba cheart d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais cloí le caighdeáin an Aontais agus iad ag maoiniú cuspóirí inbhuanaitheachta, lena n-áirítear iad siúd a shainítear i Rialachán (AE) 2020/852. Dá réir sin, ba cheart dóibh úsáid a bhaint as an gcaighdeán maidir le bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais le haghaidh aon bhanna a eisítear chun fáltais a úsáid a bhfuil an inbhuanaitheacht chomhshaoil mar chuspóir aige. Mar mhóreisitheoir bannaí glasa ar domhan, tá gealltanas tugtha cheana féin ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a chlár bannaí glasa a ailíniú leis an gcaighdeán maidir le bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais. Níor cheart feidhm a bheith ag an gcaighdeán sin maidir le bannaí glasa a d'eisigh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Tá sé mar aidhm leis na bannaí glasa cabhrú le cuideachtaí aistriú i dtreo na hinbhuanaitheachta. Mar sin,*** |

| | |
|---|---|
| | ***eisitheoirí a bhfuil bealach inchreidte acu chun a lorg ar an gcomhshaol a laghdú agus chun bheith inbhuanaithe, go háirithe trína samhail ghnó a ailíniú le cás faoina gcoinneofaí an téamh domhanda faoi bhun 1,5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, níor cheart ach do na heisitheoirí sin bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais a eisiúint. Ba cheart do na heisitheoirí gnéithe eile den inbhuanaitheacht a chur san áireamh freisin, amhail príomhchoinbhinsiúin agus príomhchreataí idirnáisiúnta maidir le saothar agus cearta an duine dá dtagraítear in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2020/852.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart an fhaisnéis uile is gá a sholáthar d'infheisteoirí chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar comhshaoil bannaí glasa ***Eorpacha***, agus chun ***na bannaí sin*** a chur i gcomparáid. Chun na críche sin, is gá ceanglais shonracha agus chaighdeánaithe maidir le nochtadh a leagan amach lena soláthraítear trédhearcacht faoin mbealach a mbeartaíonn an t-eisitheoir fáltais an bhanna a leithdháileadh ar shócmhainní seasta, ar chaiteachais agus ar shócmhainní airgeadais incháilithe agus faoin mbealach a ndéantar na fáltais sin a leithdháileadh i bhfírinne. Is fearr is féidir an trédhearcacht sin a ghnóthú trí bhíthin bileoga fíricí maidir le bannaí ***glasa Eorpacha*** agus tuarascálacha leithdháilte bliantúla. Chun inchomparáideacht ***bannaí glasa Eorpacha*** a neartú agus logánú faisnéise ábhartha a éascú, is gá teimpléid a leagan síos chun an fhaisnéis sin a nochtadh. | (13) Ba cheart an fhaisnéis uile is gá a sholáthar d'infheisteoirí chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar comhshaoil bannaí ***a mhargaítear mar bhannaí*** glasa ***nó bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear*** bannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbannaí sin ar straitéis chomhshaoil níos leithne na n-eisitheoirí***, agus chun ***inbhuanaitheacht na mbannaí sin*** a chur i gcomparáid le chéile. Chun na críche sin, is gá ceanglais shonracha agus chaighdeánaithe maidir le nochtadh a leagan amach lena soláthraítear trédhearcacht faoin mbealach a mbeartaíonn an t-eisitheoir fáltais an bhanna a leithdháileadh ar shócmhainní seasta, ar chaiteachais agus ar shócmhainní airgeadais incháilithe agus faoin mbealach a ndéantar na fáltais sin a leithdháileadh i bhfírinne. Is fearr is féidir an trédhearcacht sin a ghnóthú trí bhíthin bileoga eolais |

| | |
|---|---|
| | maidir le bannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** agus tuarascálacha leithdháilte bliantúla. Chun inchomparáideacht ***bhannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** a neartú agus logánú faisnéise ábhartha a éascú, is gá teimpléid a leagan síos chun an fhaisnéis sin a nochtadh. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Ba cheart an fhaisnéis is gá a sholáthar d'infheisteoirí freisin chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar comhshaoil atá ag bannaí glasa eile a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ach nach n-úsáideann an ainmníocht 'banna deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais'. Chun inchomparáideacht na mbannaí sin a chothú ar fud an mhargaidh ar bhonn a bhfiúntas comhshaoil, ba cheart go nochtfaidís siúd a eisítear ar an margadh inmheánach a mhéid a rannchuidíonn siad le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852. Chun 'snas glas' a sheachaint, níor cheart d'eisitheoirí na mbannaí sin ach fáltais ó na bannaí sin a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha lena n-urramaítear an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 agus ba cheart na heisitheoirí sin a bheith faoi réir athbhreithnithe a dhéanfaidh athbhreithneoirí seachtracha ar bhileoga eolais réamheisiúna, ar thuarascálacha leithdháilte agus ar thuarascálacha tionchair.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart d'infheisteoirí tairbhiú de rochtain chostéifeachtach ar fhaisnéis iontaofa faoi ***na bannaí glasa Eorpacha***. Ba cheart d'eisitheoirí ***bannaí*** glasa Eorpacha, dá bhrí sin, athbhreithneoirí seachtracha a chonrú chun go soláthrófar athbhreithniúchán réamheisiúna ar an mbileog fíricí maidir le bannaí ***glasa Eorpacha***, agus athbhreithniúcháin iareisiúna ar thuarascálacha leithdháilte bliantúla maidir le bannaí ***glasa Eorpacha***. | (14) Ba cheart d'infheisteoirí tairbhiú de rochtain chostéifeachtach ar fhaisnéis iontaofa faoi ***bhannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais***. Ba cheart d'eisitheoirí ***bhannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais***, dá bhrí sin, athbhreithneoirí ***neamhspleácha*** seachtracha a chonrú chun go soláthrófar athbhreithniúchán réamheisiúna ar an mbileog eolais maidir le bannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais***, agus athbhreithniúcháin iareisiúna ar thuarascálacha leithdháilte bliantúla maidir le bannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais***. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht, ba cheart d'eisitheoirí an tionchar comhshaoil atá ag a mbannaí a nochtadh freisin trí bhíthin tuarascálacha tionchair a fhoilsiú, ar cheart iad a bheith foilsithe ***uair amháin*** ar a laghad le linn shaolré an bhanna. Chun an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar d'infheisteoirí chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar comhshaoil atá ag bannaí ***glasa Eorpacha***, i dtuarascálacha tionchair ba cheart na méadrachtaí, na modheolaíochtaí agus na toimhdí a chuirtear i bhfeidhm sa mheasúnú ar na tionchair chomhshaoil a shonrú go soiléir. Chun inchomparáideacht bannaí ***glasa Eorpacha*** a neartú agus | (18) Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht, ba cheart d'eisitheoirí an tionchar comhshaoil atá ag a gcuid bannaí a nochtadh freisin trí bhíthin tuarascálacha tionchair a fhoilsiú, ar cheart iad a fhoilsiú ***dhá uair*** ar a laghad le linn shaolré an bhanna***, agus arís nuair a thiocfaidh sé in aibíocht***. Chun an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar d'infheisteoirí chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar comhshaoil atá ag bannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais***, ba cheart na méadrachtaí, na modheolaíochtaí agus na toimhdí a chuirtear i bhfeidhm sa mheasúnú ar na tionchair chomhshaoil a shonrú go soiléir i dtuarascálacha tionchair. Chun |

| | |
|---|---|
| logánú faisnéise ábhartha a éascú, is gá teimpléid a leagan síos chun an fhaisnéis sin a nochtadh. | inchomparáideacht ***bhannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** a neartú agus logánú faisnéise ábhartha a éascú, is gá teimpléid a leagan síos chun an fhaisnéis sin a nochtadh. ***Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis atá sna tuarascálacha tionchair faoi réir an mheasúnaithe a dhéanfaidh athbhreithneoirí seachtracha.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Chun an trédhearcacht a neartú i dtreo infheisteoirí faoin mbealach a ndéantar measúnú ar ailíniú fáltas bannaí leis na ceanglais maidir le tacsanomaíocht, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha nochtadh a dhéanamh ar bhealach sách mionsonraithe d'úsáideoirí athbhreithniúchán réamheisiúna ***agus*** athbhreithniúchán iareisiúna ar na modheolaíochtaí agus ar na príomhthoimhdí a úsáideann siad ina ngníomhaíochtaí athbhreithniúcháin sheachtraigh, agus aird chuí á tabhairt ar chosaint sonraí dílseánaigh agus maoine intleachtúla. | (22) Chun an trédhearcacht a neartú i dtreo infheisteoirí faoin mbealach a ndéantar measúnú ar ailíniú fáltas bannaí leis na ceanglais maidir le tacsanomaíocht, ba cheart d'athbhreithneoirí seachtracha nochtadh a dhéanamh ar bhealach sách mionsonraithe d'úsáideoirí athbhreithniúchán réamheisiúna***,*** athbhreithniúchán iareisiúna ***agus tuarascálacha tionchair,*** ar na modheolaíochtaí agus ar na príomhthoimhdí a úsáideann siad ina ngníomhaíochtaí athbhreithniúcháin sheachtraigh, agus aird chuí á tabhairt ar chosaint sonraí dílseánaigh agus maoine intleachtúla. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Is gá cuir i bhfeidhm éagsúla ar an Rialachán seo ag údaráis náisiúnta inniúla a sheachaint. An tráth céanna, is gá costais idirbhirt agus oibríochtúla athbhreithneoirí seachtracha a ísliú, chun muinín infheisteoirí a neartú ***agus*** deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú. Dá bhrí sin is iomchuí inniúlacht ghinearálta a thabhairt do ESMA | (25) Is gá cuir i bhfeidhm éagsúla ar an Rialachán seo ag údaráis náisiúnta inniúla a sheachaint. An tráth céanna, is gá costais idirbhirt agus oibríochtúla athbhreithneoirí seachtracha a ísliú, chun muinín infheisteoirí a neartú agus deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú***, agus cruthú struchtúr margaidh monaplach a sheachaint toisc*** |

| | |
|---|---|
| le haghaidh clárúchán agus maoirseacht leanúnach athbhreithneoirí seachtracha cláraithe san Aontas. Tríd an bhfreagracht eisiach as na hábhair sin a chur ar iontaoibh ESMA ba cheart cothroime iomaíochta a áirithiú ó thaobh ceanglais chlárúcháin agus maoirseacht leanúnach agus deireadh a chur leis an riosca a bhaineann le harbatráiste rialála ar fud na mBallstát. An tráth céanna, leis an bhfreagracht eisiach sin ba cheart leithdháileadh acmhainní maoirseachta a optamú ar leibhéal an Aontais, rud a fhágann go bhfuil ESMA ina lárionad saineolais agus a fheabhsaíonn éifeachtúlacht na maoirseachta. | ***go bhféadfadh costais arda eisiúna feidhmiú mar bhacainní ar eisiúint bannaí glasa***. Dá bhrí sin is iomchuí inniúlacht ghinearálta a thabhairt do ESMA le haghaidh clárúchán agus maoirseacht leanúnach athbhreithneoirí seachtracha cláraithe san Aontas. Tríd an bhfreagracht eisiach as na hábhair sin a chur ar iontaoibh ESMA ba cheart cothroime iomaíochta a áirithiú ó thaobh ceanglais chlárúcháin agus maoirseacht leanúnach agus deireadh a chur leis an riosca a bhaineann le harbatráiste rialála ar fud na mBallstát. An tráth céanna, leis an bhfreagracht eisiach sin ba cheart leithdháileadh acmhainní maoirseachta a optamú ar leibhéal an Aontais, rud a fhágann go bhfuil ESMA ina lárionad saineolais agus a fheabhsaíonn éifeachtúlacht na maoirseachta. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Chun athbhreithneoirí seachtracha a spreagadh lena seirbhísí a sholáthar d'eisitheoirí bannaí ***glasa Eorpacha*** amhail ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, leagtar amach leis an Rialachán seo córas idirthréimhseach maidir leis an gcéad 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. | (36) Chun athbhreithneoirí seachtracha a spreagadh lena seirbhísí a sholáthar d'eisitheoirí bhannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** amhail ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, leagtar amach leis an Rialachán seo córas idirthréimhseach maidir leis an gcéad 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. ***Bannaí inbhuanaithe a eisíodh cheana an... [dáta [theacht i bhfeidhm][chur i bhfeidhm] an Rialacháin seo], ní cheanglaítear orthu an Rialachán seo a chomhlíonadh i leith ceanglais maidir le nochtadh agus i leith athbhreithneoirí seachtracha a úsáid.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Tá ***dhá chuspóir*** ag an Rialachán seo: ***Ar thaobh amháin***, is é is aidhm dó a áirithiú go mbeidh feidhm ag ceanglais aonfhoirmeacha maidir le húsáid na hainmníochta 'banna ***glas Eorpach***' ***nó 'BG-AE'***. ***Ar an taobh*** eile, is é is aidhm dó córas clárúcháin agus creat maoirseachta simplí a bhunú le haghaidh athbhreithneoirí seachtracha trí chlárúchán agus maoirseacht athbhreithneoirí seachtracha san Aontas a chur ar iontaoibh údaráis maoirseachta aonair. Leis an dá aidhm ba cheart tiomsú caipitil a éascú le haghaidh tionscadail lena saothraítear cuspóirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú***,*** | (37) Tá ***trí chuspóir*** ag an Rialachán seo: ***Ar an gcéad dul síos***, is é is aidhm dó a áirithiú go mbeidh feidhm ag ceanglais ***rialála*** maidir le húsáid na hainmníochta 'banna ***deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais***'. ***Ar an dara dul síos, leagtar síos leis ceanglais trédhearcachta chun feabhas a chur ar chumas infheisteoirí bannaí glasa*** eile ***a chur i gcomparáid le chéile, lena n-áirítear trí chomparáid a dhéanamh idir ailíniú fáltas na mbannaí sin leis na ceanglais maidir le critéir scagtha theicniúil a leagtar amach in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2020/852, agus chun a áirithiú nach bhféadfaidh aon bhannaí a mhargaítear mar bhannaí glasa nó mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhaoiniú a dhéanann dochar suntasach don chomhshaol, gan beann ar ainmníocht banna den sórt sin***. ***Ar deireadh***, is é is aidhm dó córas clárúcháin agus creat maoirseachta simplí a bhunú le haghaidh athbhreithneoirí seachtracha trí chlárúchán agus maoirseacht athbhreithneoirí seachtracha san Aontas a chur ar iontaoibh údaráis maoirseachta aonair. Leis an dá aidhm ba cheart tiomsú caipitil a éascú le haghaidh tionscadail lena saothraítear cuspóirí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ***lena n-áirithítear sláine na maíomh comhshaoil arna ndéanamh ag eisitheoirí bhannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais, agus lena méadaítear trédhearcacht feidhmíochta comhshaoil bannaí eile a mhargaítear mar bhannaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de***. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le |

| | |
|---|---|
| | prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú**.** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Rialachán seo leagtar síos ceanglais aonfhoirmeacha le haghaidh eisitheoirí bannaí ar mian leo úsáid a bhaint as an ainmníocht 'banna glas ***Eorpach***' ***nó 'BG-AE'*** le haghaidh a mbannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***agus*** a chuirtear ar fáil d'infheisteoirí san Aontas, agus bunaítear córas clárúcháin agus creat maoirseachta le haghaidh athbhreithneoirí seachtracha bannaí glasa Eorpacha. | Leis an Rialachán seo leagtar síos ceanglais ***rialála*** aonfhoirmeacha le haghaidh eisitheoirí ar mian leo úsáid a bhaint as an ainmníocht 'banna ***deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais***' le haghaidh a mbannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chuirtear ar fáil d'infheisteoirí san Aontas, agus bunaítear córas clárúcháin agus creat maoirseachta le haghaidh athbhreithneoirí seachtracha bhannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais, agus leagtar amach freisin na ceanglais trédhearcachta d'eisitheoirí bannaí glasa eile nach n-úsáideann an ainmníocht 'banna deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais'.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***Euratom***, an tAontas agus aon cheann ***dá*** ngníomhaireachtaí; | (a) Euratom, an tAontas agus ***a*** ngníomhaireachtaí; |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5 a) ciallaíonn 'banna glas eile' banna a dtugann a eisitheoir gealltanas d'infheisteoirí go leithdháiltear fáltais an bhanna sin ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (17), de Rialachán (AE) 2019/2088, ach a gcinneann a eisitheoir gan an ainmníocht 'banna deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais' a úsáid.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal II – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Coinníollacha maidir le húsáid na hainmníochta 'banna ***glas Eorpach' nó 'BG-AE'*** | Coinníollacha maidir le húsáid na hainmníochta 'banna ***deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais***' ***agus maidir le húsáid bannaí glasa eile*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainmníocht | Ainmníocht ***'banna deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais'*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bainfidh úsáid na bhfáltas dá dtagraítear in Airteagal 4 le gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcomhlíontar na ceanglais maidir le tacsanomaíocht, nó ***lena*** gcomhlíonfar na ceanglais maidir le tacsanomaíocht laistigh de thréimhse ama shainithe mar a leagtar amach i bplean maidir le hailíniú tacsanomaíochta. | Bainfidh úsáid na bhfáltas dá dtagraítear in Airteagal 4 le gníomhaíochtaí ***nua*** eacnamaíocha lena gcomhlíontar na ceanglais maidir le tacsanomaíocht, ***nó le claochlú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ann cheana chun go*** gcomhlíonfar na ceanglais maidir le tacsanomaíocht laistigh de thréimhse ama shainithe mar a leagtar amach i bplean maidir le hailíniú tacsanomaíochta. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an bplean maidir le hailíniú tacsanomaíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír tabharfar tuairisc ar na gníomhaíochtaí agus na caiteachais is gá chun go gcomhlíonfaidh gníomhaíocht eacnamaíoch na ceanglais maidir le tacsanomaíocht laistigh den tréimhse ama shonraithe. | Leis an bplean maidir le hailíniú tacsanomaíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír tabharfar tuairisc ar na gníomhaíochtaí agus na caiteachais ***mhionsonraithe*** is gá chun go gcomhlíonfaidh ***claochlú na*** gníomhaíochta eacnamaíche na ceanglais maidir le tacsanomaíocht laistigh den tréimhse ama shonraithe. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 60 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na critéir chun bheith incháilithe don tréimhse shínithe 10 deich mbliana a shonrú, agus trí ábhar an phlean maidir le hailíniú*** |

***tacsanomaíochta a shonrú. Beidh an fhaisnéis a úsáidfear sa phlean sin bunaithe ar eolaíocht agus ar mheasúnú comhchuibhithe saolré.***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina leasaítear na gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2) nó 15(2) de Rialachán (AE) 2020/852 tar éis eisiúint an bhanna, leithdháilfidh an t-eisitheoir fáltais bannaí ar na húsáidí dá dtagraítear sa chéad fhomhír trí na gníomhartha tarmligthe leasaithe a chur i bhfeidhm laistigh de 5 bliana tar éis a dteacht i bhfeidhm. | I gcás ina leasaítear na gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2) nó 15(2) de Rialachán (AE) 2020/852 tar éis eisiúint an bhanna, leithdháilfidh an t-eisitheoir fáltais bannaí ar na húsáidí dá dtagraítear sa chéad fhomhír trí na gníomhartha tarmligthe leasaithe a chur i bhfeidhm laistigh de 5 bliana tar éis a dteacht i bhfeidhm. ***Ní gá fáltais bannaí atá leithdháilte a ath-leithdháileadh tar éis leasú a dhéanamh ar na gníomhartha tarmligthe.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina leasaítear na gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagail 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2) nó 15(2) de Rialachán (AE) 2020/852 tar éis chruthú an bhanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, leithdháilfidh an t-eisitheoir fáltais bannaí ar an bhfiachas dá dtagraítear sa chéad fhomhír trí na gníomhartha tarmligthe leasaithe a chur i bhfeidhm laistigh de 5 bliana tar éis a dteacht i bhfeidhm. | I gcás ina leasaítear na gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagail 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2) nó 15(2) de Rialachán (AE) 2020/852 tar éis chruthú an bhanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, leithdháilfidh an t-eisitheoir fáltais bannaí ar an bhfiachas dá dtagraítear sa chéad fhomhír trí na gníomhartha tarmligthe leasaithe a chur i bhfeidhm laistigh de 5 bliana tar éis a dteacht i bhfeidhm. ***Ní gá fáltais bannaí atá leithdháilte a ath-leithdháileadh tar éis leasú a dhéanamh ar na gníomhartha*** |

***tarmligthe.***

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7a*** |
| | ***Trédhearcacht agus ceanglais 'gan dochar suntasach a dhéanamh' chun fáltais bannaí glasa eile a úsáid*** |
| | ***1. Gan dochar d'Airteagal 7c, déanfaidh eisitheoirí bannaí glasa eile an chionmhaireacht den úsáid a bhaintear as fáltais na mbannaí sin a chomhlíonann ceanglais tacsanomaíochta a nochtadh sna bileoga eolais réamheisiúna, sna tuarascálacha leithdháilte agus sna tuarascálacha tionchair.*** |
| | ***2. Ní dhéanfaidh eisitheoirí bannaí glasa eile ach fáltais na mbannaí sin a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha nach ndéanann dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852 i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagail 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2), agus 15(2) den Rialachán sin. Beidh an ráiteas seo a leanas ag gabháil leis na bileoga eolais réamheisiúna agus leis na tuarascálacha leithdháilte maidir leis na bannaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír: 'Is le gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach ndéanann dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852 i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin a bhaineann úsáid na bhfáltas.'*** |
| | ***3. Beidh bannaí glasa eile faoi réir athbhreithnithe ar bhileoga eolais*** |

***réamheisiúna, ar thuarascálacha leithdháilte agus ar thuarascálacha tionchair arna ndéanamh ag athbhreithneoirí seachtracha a chomhlíonann ceanglais Theideal III.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7b*** |
| | ***Ceanglais ar leibhéal an eintitis maidir le heisitheoirí bhannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** |
| | ***1. Glacfaidh eisitheoir bhannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais, straitéis chomhshaoil níos leithne ar leibhéal an eintitis, lena n-áireofar spriocanna 5 bliana ar a laghad chun tionchar comhshaoil an eisitheora a laghdú d'fhonn samhail ghnó an eisitheora a ailíniú leis na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852.*** |
| | ***Áireofar go háirithe sa straitéis sin:*** |
| | ***(a) spriocanna 5 bliana a áireamh chun raon feidhme 1, 2 agus 3 astaíochtaí gás ceaptha teasa an eisitheora a laghdú d'fhonn go n-áireofar ailíniú shamhail ghnó an eisitheora leis an gcuspóir an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch;*** |
| | ***(b) úsáid creidmheasanna um fhritháireamh carbóin a eisiamh mar bhealach chun spriocanna an eisitheora a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;*** |
| | ***(c) an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852;*** |

***(d)	déanfaidh athbhreithneoirí eolaíocha neamhspleácha athbhreithniú ar an straitéis, agus cuirfear ar fáil don phobal i gcoitinne í.***

***2.	Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar íoscheanglais maidir le straitéisí comhshaoil níos leithne dá dtagraítear i mír 1.***

***Déanfaidh ESMA na dréachtchaighdeáin rialála sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [XX mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

***Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.***

***3.	Léireoidh eisitheoirí bhannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais gur chuir siad gach ceann de na nithe seo a leanas san áireamh:***

***(a)	na príomh-dhrochthionchair a bhaineann le cinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta;***

***(b)	rioscaí inbhuanaitheachta a chomhtháthú sa phróiseas cinnteoireachta infheistíochta;***

***(c)	príomhchoinbhinsiúin agus príomhchreataí idirnáisiúnta maidir le saothar agus cearta an duine dá dtagraítear in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2020/852.***

***4.	Glacfaidh eisitheoirí bannaí glasa eile straitéis chomhshaoil níos leithne ar leibhéal an eintitis dá bhforáiltear i mír 1. Féadfaidh eisitheoirí na mbannaí sin an rogha a dhéanamh tuairisciú ar an straitéis sin trí úsáid a bhaint as caighdeáin theicniúla seachas na cinn arna bhforbairt ag ESMA dá dtagraítear i mír 2.***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7c*** |
| | ***An ainmníocht 'banna deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais' a úsáid amach anseo*** |
| | ***Faoi ... [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a eisiúint do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina ndéanfar measúnú ar thionchar an cheanglais go mbeidh ar gach eisitheoir bannaí, laistigh de thréimhse 3 go 5 bliana, a mhargaítear mar bhannaí glasa nó mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a chuirtear ar fáil d'infheisteoirí san Aontas, an ainmníocht 'banna deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais' a úsáid, agus na ceanglais a leagtar amach sa Teideal seo a chomhlíonadh go dtí a n-aibíocht.*** |
| | ***Bunaithe ar an measúnú dá dtagraítear sa chéad mhír, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach lena leasaítear an Rialachán seo in éineacht lena thuarascáil d'fhonn a cheangal ar gach eisitheoir bannaí a mhargaítear mar bhannaí glasa nó mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a chuirtear ar fáil d'infheisteoirí san Aontas an ainmníocht 'banna deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais' a úsáid agus na ceanglais a leagtar amach sa Teideal seo a chomhlíonadh go dtí a n-aibíocht.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7d*** |
| | ***Úsáid an chaighdeáin maidir le bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais*** |
| | ***Bainfidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais úsáid as an gcaighdeán maidir le bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais agus cuirfidh siad critéir Airteagail 4 go 7 i bhfeidhm maidir le haon eisiúint bannaí a bhfuil inbhuanaitheacht chomhshaoil mar chuspóir aige.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gach bliain agus go dtí leithdháileadh iomlán fháltais an bhanna ***ghlais Eorpaigh*** lena mbaineann, tarraingeoidh eisitheoirí bannaí ***glasa Eorpacha*** tuarascáil leithdháilte maidir le bannaí ***glasa Eorpacha*** suas trí úsáid a bhaint as an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn II, lena léirítear go ndearnadh na fáltais ó aon bhanna ***glas Eorpach*** lena mbaineann óna ndáta eisiúna agus go dtí deireadh na bliana dá dtagraítear leis an tuarascáil a leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagail 4 go 7. | 1. Gach bliain agus go dtí leithdháileadh iomlán fáltas ó bhanna ***deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais*** lena mbaineann ***nó, i gcás ina bhfuil banna deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais faoi réir plean maidir le hailíniú tacsanomaíochta dá dtagraítear in Airteagal 6(1), gach 6 mhí agus go dtí go mbaineann úsáid na bhfáltas dá dtagraítear in Airteagal 4 le gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcomhlíontar ina n-iomláine na ceanglais tacsanomaíochta***, tarraingeoidh eisitheoirí bhannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** tuarascáil leithdháilte maidir le bannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** suas trí úsáid a bhaint as an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn II, lena léirítear go ndearnadh na fáltais ó aon bhanna ***deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais*** lena mbaineann óna ndáta eisiúna agus go dtí deireadh na bliana dá dtagraítear leis an tuarascáil a |

| | |
|---|---|
| | leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagail 4 go 7. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Gheobhaidh eisitheoirí bannaí ***glasa Eorpacha*** athbhreithniúchán iareisiúna ó athbhreithneoir seachtrach ar an tuarascáil leithdháilte a tharraingítear suas tar éis leithdháileadh iomlán fháltais an bhanna ***ghlais Eorpaigh*** i gcomhréir le hAirteagail 4 go 7. | 3. Gheobhaidh eisitheoirí bhannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** athbhreithniúchán iareisiúna ó athbhreithneoir seachtrach ar an tuarascáil leithdháilte a tharraingítear suas tar éis leithdháileadh iomlán fáltas ó bhanna ***deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais nó, i gcás ina bhfuil*** banna ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais faoi réir plean maidir le hailíniú tacsanomaíochta dá dtagraítear in Airteagal 6(1), gach 6 mhí agus go dtí go mbainfidh úsáid na bhfáltas dá dtagraítear in Airteagal 4 le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chomhlíonann go hiomlán na ceanglais tacsanomaíochta***, i gcomhréir le hAirteagail 4 go 7. **.** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh eisitheoirí bannaí ***glasa Eorpacha***, tar éis leithdháileadh iomlán fháltais na mbannaí sin agus ar a laghad ***uair amháin*** le linn shaolré an bhanna, tuarascáil tionchair maidir le bannaí ***glasa Eorpacha*** a tharraingt suas maidir leis an tionchar comhshaoil atá ag úsáid na bhfáltas bannaí trí úsáid a bhaint as an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn III. | 1. Déanfaidh eisitheoirí bhannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais***, tar éis leithdháileadh iomlán fháltais na mbannaí sin agus ar a laghad ***2 uair*** le linn shaolré ***an bhanna***, ***agus tráth aibíocht*** an bhanna, tuarascáil tionchair maidir le bannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** a tharraingt suas maidir leis an tionchar comhshaoil atá ag úsáid na bhfáltas bannaí trí úsáid a bhaint as an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn III. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 – fomhír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tairiscint de bhannaí ***glasa Eorpacha*** a chur ar fionraí ***go ceann tréimhse nach faide ná 10 lá oibre as a chéile*** ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go ndearnadh sárú ar Airteagail ***8*** go 13 den Rialachán seo; | (e) tairiscint de bhannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** a chur ar fionraí ***go ceann cibé tréimhse is gá*** ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go ndearnadh sárú ar Airteagail ***7a*** go 13 den Rialachán seo; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 – fomhír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) fógraí a chosc nó a chur ar fionraí nó a cheangal ar eisitheoirí ***bannaí glasa*** Eorpacha nó idirghabhálaithe airgeadais lena mbaineann scor d'fhógraí nó iad a chur ar fionraí go ceann tréimhse ***nach faide na 10 lá oibre as a chéile*** ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann a cheapadh go ndearnadh sárú ar Airteagail ***8*** go 13 den Rialachán seo; | (f) fógraí a chosc nó a chur ar fionraí nó a cheangal ar eisitheoirí bhannaí ***deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais*** nó idirghabhálaithe airgeadais lena mbaineann scor d'fhógraí nó iad a chur ar fionraí go ceann ***cibé tréimhse is gá*** ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann a cheapadh go ndearnadh sárú ar Airteagail ***7a*** go 13 den Rialachán seo; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 – fomhír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) toirmeasc a chur ar thairiscint de bhannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais, ar aon ócáid ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***leithligh inar sáraíodh Airteagail 7a go 13 den Rialachán seo;*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 – fomhír 1 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f b) toirmeasc a chur ar fhógraí, nó ceangal a chur ar eisitheoirí bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais, nó idirghabhálaithe airgeadais lena mbaineann, scor d'fhógraí ar aon ócáid ar leithligh inar sáraíodh Airteagail 7a go 13 den Rialachán seo;*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sáruithe ar Airteagail ***8*** go 13; | (a) sáruithe ar Airteagail ***4*** go 13, ***lena n-áirítear mainneachtain léiriú a thabhairt go gcomhlíonann gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá faoi réir plean maidir le hailíniú tacsanomaíochta na ceanglais tacsanomaíochta tar éis a gcur i gcrích***; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 63 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 63a*** |
| | ***Athbhreithniú*** |

***Faoin ... [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar an ionchur ón Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.***

***Measúnófar sa tuarascáil sin go háirithe:***

***(a) glacadh an chaighdeáin maidir le bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais agus a sciar den mhargadh, san Aontas agus ar fud an domhain;***

***(b) tionchar an Rialacháin seo ar an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe;***

***(c) tionchar an chaighdeáin maidir le bannaí deimhnithe an Chomhaontaithe Ghlais ar bhearna bhliantúil na n-infheistíochtaí breise is gá a dhúnadh chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], agus ar shreafaí caipitil phríobháidigh a atreorú i dtreo na hinbhuanaitheachta;***

***(d) feidhmiú mhargadh na n-athbhreithneoirí seachtracha, lena sonraítear comhdhlúthacht an mhargaidh agus neamhchlaontacht na n-athbhreithnitheoirí seachtracha;***

***(e) oiriúnacht chistiú ESMA trí tháillí aitheantais, formhuinithe agus maoirseachta;***

***(f) oiriúnacht na gcóras tríú tír dá bhforáiltear i dTeideal III, Caibidil IV;***

***(g) inchreidteacht maíomh comhshaoil sa mhargadh bannaí inbhuanaithe.***

***Sa tuarascáil tar éis Rialachán (AE) 2020/852 a leathnú chuig cuspóirí inbhuanaitheachta eile dá dtagraítear in Airteagal 26(2) den Rialachán sin, déanfar measúnú freisin ar an bhféidearthacht atá ann an caighdeán maidir le bannaí deimhnithe an***

***Chomhaontaithe Ghlais a leathnú chuig na cuspóirí inbhuanaitheachta eile sin.***

***Féadfaidh tograí reachtacha chun an Rialachán seo a leasú a bheith ag gabháil leis na tuarascálacha ón gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí.***

______________

***[1a] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') ( IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Straitéis i leith an chomhshaoil agus réasúnaíocht | 3. ***Straitéis agus réasúnaíocht maidir leis an gcomhshaol, inbhuanaitheacht, rioscaí do chearta an duine agus dea-rialachas cánach*** |
| | – ***[Nochtadh na straitéise comhshaoil níos leithne dá dtagraítear in Airteagal 7b(1), trí úsáid a bhaint as na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear in Airteagal 7b(2)]*** |
| | – ***[Léiriú ar chomhthathú na rioscaí inbhuanaitheachta agus ar an urraim do phríomhchoinbhinsiúin agus príomhchreataí idirnáisiúnta maidir le saothar agus cearta an duine sa phróiseas cinnteoireachta, dá dtagraítear in Airteagal 7b(3)]*** |
| – [Faisnéis faoin gcaoi a dtagann an banna le straitéis níos leithne an eisitheora i leith an chomhshaoil] | – [Faisnéis faoi conas ***agus faoina mhéid*** a thagann an banna le straitéis níos leithne an eisitheora i leith an chomhshaoil***, agus faoi conas agus faoina mhéid atá sé beartaithe leis an mbanna sin a eisiúint,*** |

| | |
|---|---|
| | ***méadú a dhéanamh ar an gcionmhaireacht de chaiteachas caipitil agus de chaiteachas oibríochtúil an eisitheora a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de de bhun Rialachán (AE) 2020/852, agus ar an gcionmhaireacht dá láimhdeachas a eascraíonn as na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin***] |
| [Na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán 2020/852 arna saothrú leis an mbanna] | [Na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán 2020/852 arna saothrú leis an mbanna] |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 4 – pointe 4.3 – mír 2 – fleasc 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | – ***Le haghaidh tionscadail atá faoi réir plean um ailíniú tacsanamaíochta: liosta mionsonraithe de na gníomhaíochtaí agus den chaiteachas is gá chun an ghníomhaíocht eacnamaíoch sin a chlaochlú chun ceanglais tacsanomaíochta a chomhlíonadh laistigh de thréimhse shonraithe nach faide ná 5 bliana, nó i gcásanna a bhfuil údar leo laistigh de 10 mbliana***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – pointe 3 – pointe A – fleasc 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – Le haghaidh sócmhainní lena mbaineann plean um ailíniú tacsanamaíochta: an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean le linn na tréimhse tuairiscithe agus an dáta | – Le haghaidh sócmhainní lena mbaineann plean um ailíniú tacsanamaíochta: an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean le linn na tréimhse tuairiscithe***, agus na gníomhaíochtaí atá fágtha,*** agus dáta a |

| | |
|---|---|
| comhlánaithe measta; | gcomhlánaithe measta; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – pointe 2 – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – [Faisnéis faoin gcaoi a dtagann an bhanna le straitéis níos leithne an eisitheora i leith an chomhshaoil mar atá leagtha amach sa bhileog fíricí] | – [Faisnéis faoin gcaoi a dtagann an bhanna le straitéis níos leithne an eisitheora i leith an chomhshaoil mar atá leagtha amach sa bhileog eolais***, go háirithe an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) a mhéid atá banna deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais tar éis méadú a dhéanamh ar an gcionmhaireacht de chaiteachas caipitil agus de chaiteachas oibríochtúil an eisitheora a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de de bhun Rialachán (AE) 2020/852, agus ar an gcionmhaireacht dá láimhdeachas a eascraíonn as na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin;*** |
| | ***(b) a mhéid a chuir eisiúint banna deimhnithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais le spriocanna comhshaoil ar leibhéal eintitis an eisitheora, go háirithe na spriocanna 5 bliana chun laghdú a dhéanamh ar raon feidhme 1, 2 agus 3 astaíochtaí gás ceaptha teasa an eisitheora d'fhonn a áirithiú go mbeidh samhail ghnó an eisitheora ailínithe leis an gcuspóir an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch.]*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – pointe 3 – fleasc 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | – ***Le haghaidh sócmhainní lena mbaineann plean um ailíniú tacsanamaíochta: deimhniú gur comhlíonadh na ceanglais tacsanomaíochta tar éis a gcur i gcrích*** |

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bannaí glasa Eorpacha |
| **Tagairtí** | COM(2021)0391 – C9-0311/2021 – 2021/0191(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON<br>13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>13.9.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Bas Eickhout<br>21.9.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 16.12.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 10.2.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 67<br>–: 18<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Nikos Androulakis, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Monika Beňová, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Esther de Lange, Christian Doleschal, Marco Dreosto, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Eleonora Evi, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Malte Gallée, Catherine Griset, Jytte Guteland, Teuvo Hakkarainen, Martin Hojsík, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Petros Kokkalis, Athanasios Konstantinou, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Joëlle Mélin, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Dan-Ştefan Motreanu, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Nicola Procaccini, Luisa Regimenti, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Rob Rooken, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Linea Søgaard-Lidell, Maria Spyraki, Nils Torvalds, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna Deparnay-Grunenberg, Karin Karlsbro, Billy Kelleher, João Pimenta Lopes, Róża Thun und Hohenstein, Idoia Villanueva Ruiz |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 67 | + |
|---|---|
| NI | Ivan Vilibor Sinčić |
| PPE | Bartosz Arłukowicz, Traian Băsescu, Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Agnès Evren, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Esther de Lange, Peter Liese, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Dan-Ştefan Motreanu, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Luisa Regimenti, Christine Schneider, Maria Spyraki, Pernille Weiss |
| Renew | Pascal Canfin, Martin Hojsík, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Billy Kelleher, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Linea Søgaard-Lidell, Róża Thun und Hohenstein, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir, Michal Wiezik |
| S&D | Nikos Androulakis, Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Cyrus Engerer, Jytte Guteland, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Sándor Rónai, Günther Sidl, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| The Left | Malin Björk, Petros Kokkalis, Silvia Modig, Idoia Villanueva Ruiz, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Anna Deparnay-Grunenberg, Bas Eickhout, Eleonora Evi, Malte Gallée, Yannick Jadot, Tilly Metz, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus |

| 18 | - |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Joanna Kopcińska, Nicola Procaccini, Rob Rooken, Alexandr Vondra, Anna Zalewska |
| ID | Mathilde Androuët, Simona Baldassarre, Aurélia Beigneux, Marco Dreosto, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Sylvia Limmer, Joëlle Mélin, Silvia Sardone |
| The Left | João Pimenta Lopes |

| 2 | 0 |
|---|---|
| NI | Athanasios Konstantinou, Edina Tóth |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh